Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**12053/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0223(NLE)**

**AELE 68**
**FL 36**
**ISL 46**
**N 72**
**MI 798**
**ENV 971**
**FISC 264**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Phrótacal 10 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le simpliú imscrúduithe agus foirmiúlachtaí i leith iompar earraí, agus ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse (Ranníocaíocht airgeadais SCCT) |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Phrótacal 10 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le simpliú imscrúduithe agus foirmiúlachtaí i leith iompar earraí, agus ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse (Ranníocaíocht airgeadais SCCT)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 305, 30.11.1994, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1994/2894/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[2] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, is féidir le Comhchoiste LEE leasaithe a ghlacadh, inter alia, ar Phrótacal 10 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le simpliú imscrúduithe agus foirmiúlachtaí i leith iompar earraí, agus ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse.

(3) Tá Stáit LEE CSTE le ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh le hoibriú na gcóras is gá chun an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT) a oibriú ar fud LEE ina iomláine trí shásra arna bhunú i gcomhthráth le cinneadh ar leithligh ó Chomhchoiste LEE lena leasaítear Prótacal 10 agus Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 10 agus Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú, dá réir sin.

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Phrótacal 10 agus ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

2 IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú atá beartaithe ar Phrótacal 10 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le simpliú imscrúduithe agus foirmiúlachtaí i leith iompar earraí, agus ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*